2025.M72T

2025L027G1IL

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit
# State Examinations Commission

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2025**

**INNEALTÓIREACHT – ÁBHAIR AGUS TEICNEOLAÍOCHT**

(Gnáthleibhéal – 200 marc)

---

DÉARDAOIN, 5 MEITHEAMH MAIDIN 9:30 – 12:00

Freagair **CEITHRE** cheist **ar bith**.

Tá na ceisteanna go léir ar cómharc.

**Ceist 1.** **(50 marc)**

Freagair **ocht gcinn ar bith** díobh seo a leanas **go hachomair**:




**crios-sábh**

**(a)** Luaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta ba chóir a chomhlíonadh nuair a bhíonn crios-sábh á úsáid.

**(b)** Mínigh an téarma *alt buan* **agus** tabhair sampla **amháin** d'*alt buan* san innealtóireacht.

**(c)** Luaigh cúis **amháin** chun ciorcaid leictreonacha a thástáil roimh chóimeáil.

**(d)** Luaigh cúis **amháin** a bhfuil sé tábhachtach oibriú in áit aeráilte nuair a bhíonn greamacháin á n-úsáid.



**printéir 3T**

**(e)** Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le printéir 3T a úsáid le haghaidh déantúsaíochta san innealtóireacht.

**(f)** Mínigh an téarma *neamhfheiriúil* **agus** ainmnigh miotal *neamhfheiriúil* **amháin**.

**(g)** Luaigh cúis **amháin** le fréamhshamhail a dhéanamh nuair a bhíonn táirgí nua á ndearadh.



**dí-bhurradh**

**(h)** Sainmhínigh *intuargainteacht* maidir le hairíonna ábhar **agus** ainmnigh ábhar **amháin** atá intuargainte.

**(i)** Luaigh cúis **amháin** a ndéantar corra miotail a dhí-bhurr.

**(j)** Mínigh **ceann amháin ar bith** díobh seo a leanas:

**(i)** Intleacht shaorga (AI), **(ii)** Fuinneamh in-athnuaite, **(iii)** Réaltacht fhíorúil (VR).

**(k)** Déan cur síos ar na príomhghnéithe oibríochta a bhaineann le **ceann amháin ar bith** díobh seo a leanas:








**(i)** Stialltéitheoir teoshreangach, **(ii)** Iarann sádrála, **(iii)** Gunna preabsheama.

**(l)** Déan cur síos ar **cheann amháin ar bith** díobh seo a leanas:

**(i)** Snáithe inmheánach, **(ii)** Poll caoch, **(iii)** Poll leacaithe.


**(m)** Ainmnigh an cineál cnó a thaispeántar **agus** luaigh feidhm **amháin** atá aige.




**cnó**

**Ceist 2.** **(50 marc)**

**(a)** Ainmnigh **gach ceann** de na foirnéisí atá lipéadaithe **A**, **B** agus **C** a thaispeántar.



**A**



**B**




**C**

**(b)** Roghnaigh **ceann amháin** de na foirnéisí atá lipéadaithe ag **C2(a)** thuas **agus** freagair **gach ceann** díobh seo a leanas:

- **(i)** Liostaigh na hábhair a úsáidtear sa lucht;
- **(ii)** Déan cur síos ar an gcaoi a dtéitear an lucht;
- **(iii)** Ainmnigh an miotal a tháirgtear.

**(c)** Iarrtar ort miontochaltóir mar a thaispeántar thíos a dhéanamh.

- **(i)** Ainmnigh ábhar oiriúnach do **gach ceann** de na páirteanna atá lipéadaithe ar an miontochaltóir thíos.
- **(ii)** Luaigh cúis **amháin** le **gach ceann** de na hábhair atá ainmnithe a roghnú.




**miontochaltóir**

**(d)** Ainmnigh **dhá cheann ar bith** de na meicníochtaí **A**, **B** agus **C** a thaispeántar thíos, **agus** luaigh úsáid **amháin** le haghaidh **gach ceann** de na meicníochtaí a d'ainmnigh tú.



**A**



**B**



**C**

**Ceist 3.** **(50 marc)**

**(a)** Mínigh an chúis a ndéantar **gach ceann** de na próisis teaschóireála seo a leanas:

**(i)** Normalú,

**(ii)** Cruachan.

**(b)** Rinneadh lann an tsáibh coincréite a thaispeántar a ainéaladh, a fhaghairt agus a fhuarú mar chuid den phróiseas déantúsaíochta.

Déan cur síos ar **dhá cheann ar bith** de na próisis seo a leanas:

**(i)** Ainéaladh,

**(ii)** Faghairt,

**(iii)** Fuarú.



**sábh coincréite** **lann**

**(c)** Luaigh **dhá** phíosa de threalamh cosanta pearsanta (PPE) ba chóir a chaitheamh nuair a bhítear ag obair le miotail theo.



**(d)** Mínigh **dhá cheann ar bith** de na hairíonna miotail seo a leanas:

**(i)** Righneas, **(ii)** Pointe leáite, **(iii)** Brisce.

**NÓ**

**(d)** Mínigh an t-athrú atá curtha ag an teicneolaíocht róbatach ar **gach ceann** de na réimsí a thaispeántar thíos:



**(i)** Seachadadh beartán,



**(ii)** Gnáthaimh leighis,




**(iii)** Olltáirgeadh.

**Ceist 4.** **(50 marc)**

**(a)** **(i)** Ainmnigh **gach ceann** de na lasracha ocsaicéitiléine a thaispeántar ag **A**, **B** agus **C**.

**(ii)** Luaigh comhréir na hocsaigine agus na haicéitiléine a theastaíonn le haghaidh **gach ceann** de na lasracha a thaispeántar ag **A**, **B** agus **C**.




**(b)** Mínigh an fheidhm atá le **trí cinn ar bith** de na rudaí seo a leanas a úsáidtear i stuatháthú miotail de láimh:










**(i)** Cuirtín táthúcháin, **(ii)** Casúr smiota, **(iii)** Coimeádán leictreoidí, **(iv)** Sciath táthúcháin.

**(c)** Freagair **trí cinn ar bith** díobh seo a leanas:

**(i)** Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste **amháin** a bhaineann leis an *R-fháiscín* a thaispeántar a úsáid.




**(ii)** Mol modh **amháin** chun alúmanam leatháin a cheangal.

**(iii)** Luaigh **dhá** chúis a dteastaíonn flosc nuair a bhíonn sádráil á déanamh.

**(iv)** Ainmnigh uirlis **A** a thaispeántar thall **agus** luaigh úsáid **amháin** don uirlis sin.



uirlis A


**(d)** Luaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta ba chóir a chomhlíonadh nuair a bhíonn trealamh le haghaidh táthú ocsaicéitiléine á úsáid.




**Ceist 5.** **(50 marc)**

**(a)** **(i)** Ainmnigh **gach ceann** de na próisis déantúsaíochta plaistigh a thaispeántar ag **A**, **B** agus **C**.


**A**



**B**



**C**



**(ii)** Déan cur síos, agus léaráid lipéadaithe mar chabhair agat, ar **cheann amháin ar bith** de na próisis déantúsaíochta atá ainmnithe agat ag **C5(a)(i)** thuas.

**(b)** Maidir le teicneolaíocht an phlaistigh, déan cur síos ar **dhá cheann ar bith** díobh seo a leanas:


**(i)** Plaisteach teirmithéachtach,

**(ii)** Lannú,

**(iii)** Teirmeaplaisteach,

**(iv)** Cuimhne leaisteach.


**(c)** Luaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta ba chóir a chomhlíonadh nuair a bhíonn comhpháirteanna plaisteacha 3T á bpriontáil.




**(d)** Roghnaigh **dhá cheann ar bith** de na hearraí a thaispeántar thíos **agus** ainmnigh ábhar plaisteach oiriúnach le haghaidh **gach ceann** de na páirteanna atá ainmnithe agat.



**(i)** Fráma feithicle,



**(ii)** Cásáil do choinneálaí cadhnra




**(iii)** Mionsamhail phriontáilte 3T,



**(iv)** Giaranna.

**Ceist 6.** **(50 marc)**

**(a)** Ainmnigh **trí cinn ar bith** de na páirteanna de dheil láir a thaispeántar ag **A**, **B**, **C** agus **D**.



**A**



**B**



**C**



**D**

**(b)** Mínigh **trí cinn ar bith** acu seo a leanas maidir le meaisíniú:

**(i)** Sreabhán gearrtha,

**(ii)** Uillinn scóipe,

**(iii)** Doimhneacht an ghearrtha,

**(iv)** Slisirníneach.

**(c)** Ar dheil láir a rinneadh na pionnaí ar an éachtrothar a thaispeántar thall.



**pionnaí éachtrothair**

**(i)** Ainmnigh **dhá** phróiseas deileadóireachta láir **ar bith** a úsáidtear chun pionnaí éachtrothair a dhéanamh.

**(ii)** Déan cur síos ar **cheann amháin ar bith** de na próisis a d'ainmnigh tú ag **C6(c)(i)** thuas.

**(iii)** Sonraigh **dhá** phíosa **ar bith** de threalamh cosanta pearsanta (PPE) ba chóir a chaitheamh nuair a bhíonn deil láir á hoibriú.

**NÓ**

**(c)** **(i)** Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste **amháin** a bhaineann le CAD a úsáid sa phróiseas deartha agus déantúsaíochta.




**(ii)** Ainmnigh meaisín CNC **amháin** a úsáidtear de ghnáth sa cheardlann innealtóireachta.

**(iii)** Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le meaisíní CNC a úsáid.

**Ceist 7.** **(50 marc)**

**(a)** **(i)** Ainmnigh an cineál oiriúna atá ag teastáil ionas go bhfuil an t-acastóir in ann rothlú taobh istigh de bhrac an acastóra ar an *Mionsamhail de Charr Gainimh Easbhóthair* a thaispeántar.

**(ii)** Ainmnigh cineál **amháin** eile oiriúna **agus** mol feidhm oiriúnach dó.




**Mionsamhail de Charr Gainimh Easbhóthair**


**(b)** Déantar an chóimeáil phíobáin seo a leanas a mheaisíniú de réir na dtoisí a thaispeántar.

Luaigh: **(i)** Trastomhas ainmniúil an **fheire**;

**(ii)** Íos-trastomhas an **phoill**;

**(iii)** Uas-trastomhas an **phoill**;


**(iv)** Lamháltas an **phoill**.




**(c)** Ainmnigh **trí cinn ar bith** de na huirlisí a thaispeántar **agus** luaigh feidhm **amháin** atá le **gach ceann** de na huirlisí atá ainmnithe agat.



**(i)**



**(ii)**



**(iii)**




**(iv)**

**NÓ**

**(c)** **(i)** Luaigh buntáiste **amháin** atá le *Clár Ciorcad Priontáilte* (PCB) a úsáid chun ciorcaid a chóimeáil.

**(ii)** Tabhair **dhá** shampla inar féidir Clár Ciorcad Priontáilte (PCB) a úsáid.

**(iii)** Mínigh an téarma *micrishlis*.



**Day 1, 2 and 3**

2025. M74A

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Leaving Certificate Examination, 2025

# Engineering - Practical

(150 marks)

**Morning: 10:00 to 1:00 - Afternoon: 2:00 to 5:00**

## Please Read Carefully

### Instructions

**(a)** The Examination Number must be clearly stamped or engraved, by the **teacher**, on the test-piece in the position indicated on the examination paper - 2025. M74A($L_2$).
If the test-piece is not assembled, the Examination Number must be indicated on each separate part of the test-piece.

**(b)** Candidates are not permitted to communicate with or assist one another.

**(c)** Write your Examination Number in the box provided on the examination paper - 2025. M74A($L_1$).

**(d)** Put the examination paper - 2025. M74A($L_1$) and the test-piece into the candidate envelope supplied and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.

From the materials supplied, make the **Mechanism** shown on the drawings to the shape and dimensions specified.

| PART | MATERIAL | PROCESS |
|---|---|---|
| 2 | Brass | Mark out, drill and shape. |
| 7 | Aluminium | Mark out, drill and shape. |
| 9 | Aluminium | Mark out, drill and shape. |
| 10 | Polycarbonate | Mark out, drill, tap and shape. |
| 11 | U-Aluminium | Mark out, drill and shape. |

**Note**: **(i)** Parts 1, 3, 4, 5, 6, 8, 12 and 13 have been made prior to examination day.
Using the screws supplied assemble the mechanism, as detailed on the assembly drawing.

**(ii) Accuracy, finish and function are important.**

**Lá 1, 2 agus 3**

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

2025. M74AT

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2025

## Innealtóireacht - Praiticiúil

(150 marc)

**Maidin: 10:00 go dtí 1:00 - Tráthnóna: 2:00 go dtí 5:00**

## Léigh na Treoracha seo go cúramach le do thoil

### Treoracha

**(a)** Ba chóir don **mhúinteoir** Scrúduimhir an Iarrthóra a stampáil nó a ghreanadh ar an triailphíosa san ionad a thaispeántar ar an scrúdpháipéar - 2025. M74A($L_2$). Mura bhfuil an triailphíosa curtha le chéile, ní mór an Scrúduimhir a thaispeáint ar gach páirt ar leith den triailphíosa.

**(b)** Níl cead ag iarrthóirí a bheith i gcumarsáid le chéile ná cúnamh a thabhairt dá chéile.

**(c)** Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca atá ann di ar an scrúdpháipéar - 2025. M74A($L_1$).

**(d)** Cuir an scrúdpháipéar - 2025. M74A($L_1$) agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.

As na hábhair a sholáthraítear, déan an **Mheicníocht** a thaispeántar sna líníochtaí sa chruth agus sna toisí a shonraítear.

| PÁIRT | ÁBHAR | PRÓISEAS |
|---|---|---|
| 2 | Prás | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 3 | Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 7 | Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 10 | Polacarbónáit | A mharcáil amach, a dhruileáil, a tapa agus a dheilbhiú. |
| 11 | U-Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |

**Nóta**: **(i)** Rinneadh na páirteanna 1, 3, 4, 5, 6, 8, 12 agus 13 roimh lá an scrúdaithe. Agus tú ag baint úsáide as na scriúnna a sholáthraítear, cóimeáil an mheicníocht faoi mar atá sa líníocht chóimeála.


**(ii) Tá tábhacht ag baint le cruinneas, le bailchríoch agus le hoibriú an triailphíosa.**


Lá 1
Day 1

SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA - INNEALTÓIREACHT PRAITICIÚIL
LEAVING CERTIFICATE - ENGINEERING PRACTICAL

2025. M74A(L 1 )


Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca seo:
Write your Examination Number in this box:




Cuir an scrúdpháipéar seo agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.

Put this examination paper and the test-piece into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.





THALL
OVER


Lá 1
Day 1


Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

2025. M74A($L_2$)

SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA INNEALTÓIREACHT - PRAITICIÚIL
LEAVING CERTIFICATE ENGINEERING - PRACTICAL






Cuir an scrúdpháipéar seo agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.

Put this examination paper and the test-piece into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.

# SONRAÍ CÓIMEÁLA
# ASSEMBLY DETAILS

**Day 1, 2 and 3** **2025. M74A**

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Leaving Certificate Examination, 2025

# Engineering - Practical

(150 marks)

**Morning: 10:00 to 1:00 - Afternoon: 2:00 to 5:00**

## Please Read Carefully

### Instructions

**(a)** The Examination Number must be clearly stamped or engraved, by the **teacher**, on the test-piece in the position indicated on the examination paper - 2025. M74A($L_2$).
If the test-piece is not assembled, the Examination Number must be indicated on each separate part of the test-piece.

**(b)** Candidates are not permitted to communicate with or assist one another.

**(c)** Write your Examination Number in the box provided on the examination paper - 2025. M74A($L_1$).

**(d)** Put the examination paper - 2025. M74A($L_1$) and the test-piece into the candidate envelope supplied and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.

From the materials supplied, make the **Mechanism** shown on the drawings to the shape and dimensions specified.

| PART | MATERIAL | PROCESS |
|---|---|---|
| 2 | Brass | Mark out, drill and shape. |
| 7 | Aluminium | Mark out, drill and shape. |
| 9 | Aluminium | Mark out, drill and shape. |
| 10 | Polycarbonate | Mark out, drill, tap and shape. |
| 11 | U-Aluminium | Mark out, drill and shape. |

**Note**: **(i)** Parts 1, 3, 4, 5, 6, 8, 12 and 13 have been made prior to examination day.
Using the screws supplied assemble the mechanism, as detailed on the assembly drawing.

**(ii) Accuracy, finish and function are important.**

**Lá 1, 2 agus 3**

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

2025. M74AT

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2025

## Innealtóireacht - Praiticiúil
(150 marc)

**Maidin: 10:00 go dtí 1:00 - Tráthnóna: 2:00 go dtí 5:00**

## Léigh na Treoracha seo go cúramach le do thoil

### Treoracha

**(a)** Ba chóir don **mhúinteoir** Scrúduimhir an Iarrthóra a stampáil nó a ghreanadh ar an triailphíosa san ionad a thaispeántar ar an scrúdpháipéar - 2025. M74A($L_2$). Mura bhfuil an triailphíosa curtha le chéile, ní mór an Scrúduimhir a thaispeáint ar gach páirt ar leith den triailphíosa.

**(b)** Níl cead ag iarrthóirí a bheith i gcumarsáid le chéile ná cúnamh a thabhairt dá chéile.

**(c)** Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca atá ann di ar an scrúdpháipéar - 2025. M74A($L_1$).

**(d)** Cuir an scrúdpháipéar - 2025. M74A($L_1$) agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.

As na hábhair a sholáthraítear, déan an **Mheicníocht** a thaispeántar sna líníochtaí sa chruth agus sna toisí a shonraítear.

| PÁIRT | ÁBHAR | PRÓISEAS |
|---|---|---|
| 2 | Prás | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 3 | Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 7 | Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 10 | Polacarbónáit | A mharcáil amach, a dhruileáil, a tapa agus a dheilbhiú. |
| 11 | U-Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |


**Nóta**: **(i)** Rinneadh na páirteanna 1, 3, 4, 5, 6, 8, 12 agus 13 roimh lá an scrúdaithe. Agus tú ag baint úsáide as na scriúnna a sholáthraítear, cóimeáil an mheicníocht faoi mar atá sa líníocht chóimeála.


**(ii) Tá tábhacht ag baint le cruinneas, le bailchríoch agus le hoibriú an triailphíosa.**


Lá 2
Day 2

# SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA - INNEALTÓIREACHT PRAITICIÚIL
# LEAVING CERTIFICATE - ENGINEERING PRACTICAL

2025. M74A(L1)









Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca seo:

Write your Examination Number in this box:

Cuir an scrúdpháipéar seo agus an trialphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.

Put this examination paper and the test-piece into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.





THALL
OVER


Lá 2
Day 2


Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

2025. M74A($L_2$)

SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA INNEALTÓIREACHT - PRAITICIÚIL
LEAVING CERTIFICATE ENGINEERING - PRACTICAL





SCRÚDUIMHIR
EXAM NO.

Cuir an scrúdpháipéar seo agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra
atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.

Put this examination paper and the test-piece into the candidate envelope supplied,
and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.

# SONRAÍ CÓIMEÁLA
# ASSEMBLY DETAILS

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Leaving Certificate Examination, 2025

# Engineering - Practical

(150 marks)

**Morning: 10:00 to 1:00 - Afternoon: 2:00 to 5:00**

## Please Read Carefully

### Instructions

**(a)** The Examination Number must be clearly stamped or engraved, by the **teacher**, on the test-piece in the position indicated on the examination paper - 2025. M74A($L_2$).
If the test-piece is not assembled, the Examination Number must be indicated on each separate part of the test-piece.

**(b)** Candidates are not permitted to communicate with or assist one another.

**(c)** Write your Examination Number in the box provided on the examination paper - 2025. M74A($L_1$).

**(d)** Put the examination paper - 2025. M74A($L_1$) and the test-piece into the candidate envelope supplied and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.

From the materials supplied, make the **Mechanism** shown on the drawings to the shape and dimensions specified.

| PART | MATERIAL | PROCESS |
|---|---|---|
| 2 | Brass | Mark out, drill and shape. |
| 7 | Aluminium | Mark out, drill and shape. |
| 9 | Aluminium | Mark out, drill and shape. |
| 10 | Polycarbonate | Mark out, drill, tap and shape. |
| 11 | U-Aluminium | Mark out, drill and shape. |

**Note**: **(i)** Parts 1, 3, 4, 5, 6, 8, 12 and 13 have been made prior to examination day.
Using the screws supplied assemble the mechanism, as detailed on the assembly drawing.

**(ii) Accuracy, finish and function are important.**

**Lá 1, 2 agus 3**

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

**2025. M74AT**

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2025

## Innealtóireacht - Praiticiúil
(150 marc)

**Maidin: 10:00 go dtí 1:00 - Tráthnóna: 2:00 go dtí 5:00**

## Léigh na Treoracha seo go cúramach le do thoil

### Treoracha

**(a)** Ba chóir don **mhúinteoir** Scrúduimhir an Iarrthóra a stampáil nó a ghreanadh ar an triailphíosa san ionad a thaispeántar ar an scrúdpháipéar - 2025. M74A($L_2$). Mura bhfuil an triailphíosa curtha le chéile, ní mór an Scrúduimhir a thaispeáint ar gach páirt ar leith den triailphíosa.

**(b)** Níl cead ag iarrthóirí a bheith i gcumarsáid le chéile ná cúnamh a thabhairt dá chéile.

**(c)** Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca atá ann di ar an scrúdpháipéar - 2025. M74A($L_1$).

**(d)** Cuir an scrúdpháipéar - 2025. M74A($L_1$) agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.

As na hábhair a sholáthraítear, déan an **Mheicníocht** a thaispeántar sna líníochtaí sa chruth agus sna toisí a shonraítear.

| PÁIRT | ÁBHAR | PRÓISEAS |
|---|---|---|
| 2 | Prás | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 3 | Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 7 | Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 10 | Polacarbónáit | A mharcáil amach, a dhruileáil, a tapa agus a dheilbhiú. |
| 11 | U-Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |

**Nóta**: **(i)** Rinneadh na páirteanna 1, 3, 4, 5, 6, 8, 12 agus 13 roimh lá an scrúdaithe. Agus tú ag baint úsáide as na scriúnna a sholáthraítear, cóimeáil an mheicníocht faoi mar atá sa líníocht chóimeála.


**(ii) Tá tábhacht ag baint le cruinneas, le bailchríoch agus le hoibriú an triailphíosa.**


Lá 3
Day 3


# SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA - INNEALTÓIREACHT PRAITICIÚIL
# LEAVING CERTIFICATE - ENGINEERING PRACTICAL


2025. M74A(L1)

Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca seo:
Write your Examination Number in this box:











Cuir an scrúdpháipéar seo agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.

Put this examination paper and the test-piece into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.




THALL
OVER


Lá 3
Day 3


Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

2025. M74A($L_2$)

SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA INNEALTÓIREACHT - PRAITICIÚIL
LEAVING CERTIFICATE ENGINEERING - PRACTICAL






Cuir an scrúdpháipéar seo agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.

Put this examination paper and the test-piece into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.

# SONRAÍ CÓIMEÁLA
# ASSEMBLY DETAILS